C/2024/7082

21.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11757 – VISTA / WARBURG PINCUS / REDWOOD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7082)

1. An 14 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vista Equity Partners Management, LLC ('Vista', SAM),

— Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', SAM),

— Activ Software Holdings LLC ('Redwood', SAM), atá faoi rialú Activ Software Topco LLC (SAM).

Gheobhaidh Vista agus Warburg Pincus rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Redwood ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Vista agus tá sé dírithe ar mhaoiniú le haghaidh bogearraí fiontair agus le haghaidh gnólachtaí sna hearnálacha a bhaineann le sonraí agus teicneolaíocht,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é Warburg Pincus ag a bhfuil cuideachtaí punainne atá gníomhach i réimse earnálacha, cuir i gcás fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus tomhaltóirí, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid,

— Is soláthraí réiteach bogearraí mar sheirbhís agus ar an láthair é Redwood agus soláthraíonn sé réitigh maidir le huathoibriú an ualaigh oibre le haghaidh fiontar. Cuireann Redwood uathoibriú iomlán ar fáil le haghaidh próisis ghnó agus freastalaíonn sé ar chliaint i dtionscail éagsúla, cuir i gcás monaraíocht, fóntais, miondíol, biteicneolaíocht agus cúram sláinte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11757 – VISTA / WARBURG PINCUS / REDWOOD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË